Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council



# Plean Bainistíochta Bruscair 2023-2025



# Clár Ábhair


**01** Intreoir 4

**02** Mar Eolas Duit 5

**03** Forfheidhmiú agus Rialúchán 8

**04** An Réimse Poiblí 11

**05** Cumarsáid, Feasacht agus Oideachas 13

**06** Plean Gníomhaíochta Bliantúil 15

**07** Aguisín I 16
- Forfheidhmiú Bruscair
- Forfheidhmiú Dramhaíola
- An Réimse Poiblí
- Cumarsáid agus Feasacht

**08** Aguisín II 18
- Conas Tinte Cnámh a Bhainistiú

**09** Aguisín III 20
- TCI & Teicneolaíochtaí Comhshaoil

**10** Aguisín IV 21
- Glantachán
- Scuabadh Bóithre
- Ionaid 'Fág Anseo'
- Boscaí Bruscair
- Glantacháin Phobail

**11** Aguisín V 23
- Conas Salú ag Madraí a Bhainistiú

**12** Aguisín VI 24
- Freagairt maidir le Graifítí

**13** Aguisín VII 26
- Conas Boscaí Bruscair a Bhainistiú

# Intreoir

Is plean reachtúil é an Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair Ionaid seo atá ullmhaithe mar a leagtar síos in Alt 10 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997.

Beartaítear sa phlean aghaidh a thabhairt ar thionchair dhiúltacha an bhruscair inár gcontae, caighdeán na beatha agus folláine ár gcónaitheoirí a fheabhsú, agus ár n-acmhainneacht tráchtála agus turasóireachta a fheabhsú trí:

- Reachtaíocht agus rialúchán a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil
- Ár réimse poiblí a bhainistiú agus a chothabháil go héifeachtach agus go héifeachtúil
- Cumarsáid, oideachas, agus feasacht éifeachtach agus éifeachtúil

Tabharfar aird sa Phleananna Feidhmithe Bliantúla ar ráiteas misin agus ar chuspóirí ár bPlean Chorparáidigh. Tabharfar aird sna pleananna chomh maith ar phleanáil agus ar fhorbairt chuí an chontae agus ar fhorálacha Phlean Forbartha an Chontae.



# Mar Eolas Duit

## Cad is bruscar ann?

Sainmhínítear in Alt 2 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, arna leasú (an tAcht), bruscar mar a leanas:

*"…..substaint nó ní, bíodh sé mar dhramhaíl nó ná bíodh (seachas dramhaíl de réir bhrí Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, atá le diúscairt mar is cuí) nuair a fhágtar é in áit seachas gabhdán dramhaíola nó in áit eile arna ainmniú lena dhiúscairt de réir dlí, atá nó gur dóigh dó a bheith míshlachtmhar, díobhálach, samhnasach nó míshláintiúil, cibé acu ann féin nó le haon substaint nó le ní eile, agus beag beann ar a mhéid ná ar a líon ná ar mhéid na diúscartha."*

Go bunúsach, tá sainmhíniú leathan le bruscar agus ciallaíonn sé aon ní nó ábhar nach ndiúscraítear mar is cuí, nó gur dóigh dó éirí míshlachtmhar. Cuimsítear leis seo cupán caife nó buta toitín caite ar an tsráid nó caite amach ó fhuinneog ghluaisteáin, graifítí, dramhaíl tí atá curtha i ngabhdáin dramhaíola phoiblí, comharthaíocht neamhúdaraithe, salú ag madraí agus líon níos mó bruscair nó dramhaíola a dhumpáil.

## An Reachtaíocht Rialaithe

Is achoimre ar an bpríomhreachtaíocht é seo a leanas:

- Achtanna maidir leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 agus 2003
- An tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú
- An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, arna leasú
- An tAcht um Thruailliú Aeir 1987
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (arna leasú) 1990
- An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003
- Na Fodhlíthe um Dhramhaíl Tí agus Tráchtála
- Na Fodhlíthe um Pháirceanna agus Spásanna Oscailte
- An tAcht um Gheilleagar Ciorclach (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022

Is mar threoir phraiticiúil faoi na dlíthe seo é an méid seo a leanas. Foráiltear leis an Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, arna leasú, socrú le haghaidh pionós ar dhaoine a chaitheann bruscar. Leagtar amach ann freisin freagrachtaí na nÚdarás Áitiúil agus lucht gnó faoin Acht.



# Mar Eolas Duit

Ar leanúint

## Freagrachtaí: Cé atá freagrach agus céard as a bhfuil siad freagrach?

### An Pobal i gCoitinne

Caithfidh daoine den phobal bearta a ghlacadh le giniúint dramhaíola a chosc.
Tá an pobal freagrach as:

- Réadmhaoin phríobháideach atá le feiceáil ó áit phoiblí a choimeád saor ó bhruscar (graifítí san áireamh)
- Salachar do mhadra a ghlanadh suas in áit phoiblí agus bruscar do mhadra a dhiúscairt mar is cuí – meabhraigh ar Aon Mhála, Aon Bhosca Bruscair Poiblí
- A chinntiú go gcuirtear dramhaíl d'aon chineál i láthair le bailiú i ngabhdán dramhaíola cuí agus nach dtugtar ach do bhailitheoir dramhaíola údaraithe amháin í
- Gan dramhaíl tí a chur i mbosca bruscair poiblí
- A chinntiú nach gcaitear bruscar de chineál ar bith ar an talamh, lena n-áirítear a fhéachaint chuige nach gcaitear bruscar amach ó fhuinneog feithicle atá faoi úinéireacht phríobháideach nó atá fruilithe



### An Lucht Gnó

Éilítear ar úinéir nó ar an té atá freagrach as áit ar a bhfuil rochtain ag an bpobal an limistéar mórthimpeall a n-áitreabh a choimeád saor ó bhruscar, is cuma conas a tháinig ann don bhruscar. Cuireann sé seo dualgas ar an lucht gnó:

- Cosáin, pábhálacha agus silteáin laistigh de raon 100m dá n-áitribh a choimeád saor ó bhruscar
- Graifítí a bhaint dá réadmhaoin
- Gan póstaeir nó comharthaíocht a chur suas gan cead a fháil roimh ré
- Gan dramhaíl tráchtála a chur i mbosca bruscair poiblí

Tá dualgas ar aon duine a iompraíonn earraí nó comhábhair ar fheithicil nó ar scipe a chinntiú go bhfuil an comhábhar atá á iompar aige daingnithe ar bhealach ionas nach ngintear bruscar leis.

Tá dualgas ar úinéirí nó ar dhaoine atá i gceannas ar ionaid mhiondíolacháin shoghluaiste:

- Líon leordhóthanach de ghabhdáin bhruscair a sholáthar
- A chinntiú go mbaintear an bruscar go léir a bhaineann le feidhmiú an ionaid miondíolacháin shoghluaiste laistigh de raon 100m

Éilíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas freisin ar oibritheoirí ionad miondíolacháin soghluaiste go mbeadh Ceadúnas Trádála Ócáideach acu.

Éilítear ar lucht eagraithe nó ar thionscnóirí mór-imeachtaí a chinntiú go bhfuil bearta rialaithe bruscair i bhfeidhm acu ag an ionad agus mórthimpeall an ionaid roimh, le linn agus tar éis na n-imeachtaí siúd. Baineann sé seo le himeachtaí spóirt, le himeachtaí sóisialta, le féilte agus le seónna a bhfuiltear ag súil go bhfreastalóidh sluaite móra orthu.

# Mar Eolas Duit

Ar leanúint

## Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas freagrach as a chinntiú go gcoimeádfar saor ó bhruscar, a mhéid agus is féidir go praiticiúil, agus giniúint bhruscair a chosc:

- Ar na bóithre poiblí
- I spásanna Glasa/Oscailte atá faoi Úinéireacht na Comhairle
- I spásanna Spraoi atá faoi bhainistíocht na Comhairle
- I nGairdíní Pobail

In aibhneacha, srutháin a ritheann trí thailte na Comhairle trí na bearta seo a leanas:

- Forfheidhmiú agus Rialúchán
- Gnáth-iniúchtaí agus iniúchtaí neamhghnácha
- Clár oibríochta an Réimse phoiblí, lena n-áirítear bailiúchán agus diúscairt bruscair agus soláthar agus cothabháil gabhdán bruscair
- Cláir Chumarsáide, Oideachais agus Feasachta a chur ar fáil
- Prótacail a fhorbairt le haghaidh iarratais ar sheirbhísí a fhreagairt
- Córas Teagmhála Cúraim Custaiméirí mar phointe teagmhála do chustaiméirí a chur chun cinn

### Pionóis as Bruscar a chaitheamh

Is cion é bruscar a chaitheamh nó a fhágáil in áit phoiblí nó in áit atá le feiceáil ó áit phoiblí atá faoi réir ag fógra pionóis sheasta de €150 nó ag fíneáil nach mó ná €4000 trí na Cúirteanna. Féadfaidh an Chúirt a éileamh ar aon duine a chiontaítear i gcion bruscair freisin na costais a thabhaíonn an Chomhairle as cion a fhiosrú agus as ionchúiseamh a thabhairt chun cúirte a íoc.



# Forfheidhmiú agus Rialúchán

## Cúlra

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta do chuma aeistéitiúil ár gContae a fheabhsú, lena ndéantar áit tharraingteach di chun cónaí agus gnó a dhéanamh inti.

Tá an Chomhairle tiomanta d'fhorálacha an Achta um Thruailliú ó Bhruscar 1997, arna leasú, agus an Achta um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú, agus rialacháin bhainteacha a fhorfheidhmiú go hiomlán chun dul i ngleic le daoine aonair agus/nó gnólachtaí atá freagrach as bruscar a chaitheamh nó as dumpáil mhídhleathach.

Faoi láthair, tá foireann de 6 Mhaor Frith-Bhruscair fostaithe ag an gComhairle a dhéanann patról sa Chontae gach lá ag fiosrú eachtraí caitheamh bruscair agus eachtraí dumpála mídhleathaí. Déantar gach tuairisc faoi bhruscar agus dumpáil mhídhleathach a thaifeadadh ar Chóras na nGearán Comhshaoil, mar a ndéantar rianú orthu ón ngearán tosaigh, trí imfhiosrú go forfheidhmiú.

Eisítear Fógraí Pionóis Sheasta aon uair a fhaightear nó a chuirtear ar fáil fianaise leordhóthanach agus déantar ionchúiseamh díreach a thionscnamh nuair a mheastar gurb iomchuí sin. Déantar iad siúd a dteipeann orthu nó a dhiúltaíonn Fógraí Pionóis Sheasta a íoc a ionchúiseamh trí na Cúirteanna.

Tá Oifigigh Forfheidhmithe Dramhaíola sa Rannóg Bainistíochta Dramhaíola agus Ceadúnaithe údaraithe chun a lán feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú. Áirítear leis seo forfheidhmiú na bhFodhlíthe Dramhaíola Tí agus Tráchtála, 2018, ón gComhairle, agus Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola éagsúla ina gclúdaítear bailiú, stóráil agus diúscairt dramhaíola. Oibríonn siad i bpáirt le Maoir Frith-Bhruscair na Comhairle lena chinntiú go bhfuil córas cuimsitheach imscrúdaitheach ann chun dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le dumpáil mhídhleathach agus le diúscairt dramhaíola chun iad siúd atá freagrach as a shainaithint agus chun caingne dlí agus gníomhaíochtaí feabhais rathúla a bhaint amach.

Síníodh an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022 ina dhlí (an tAcht um Gheilleagar Ciorclach) ar an 21 Iúil 2022. Foráiltear leis an Acht um Gheilleagar Ciorclach leasuithe ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola agus ar an Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 (na hAchtanna). Áirítear ar na leasuithe a mholtar forálacha do cheadú scéimeanna TCI ag údaráis áitiúla, faoi réir coinníollacha, chun truailliú comhshaoil a chosc agus chun cionta a dhíspreagadh, a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh faoi na hAchtanna.



# Forfheidhmiú agus Rialúchán

Cúlra

## Straitéis

Leanúint de leibhéal ard forfheidhmithe d'fhonn bruscar a chosc agus a rialú (lena n-áirítear dumpáil mhídhleathach)

## Cuspóirí:

- Leanúint d'fheiceálacht Sheirbhís na Maor a fheabhsú
- Fócas spriocdhírithe a dhéanamh ar ghineadóirí bruscair aitheanta, go háirithe thart ar thráth tarluithe atá ar eolas acu
- Gach gearán a fhiosrú agus rialacháin agus reachtaíocht a fhorfheidhmiú de réir mar is cuí
- Leanúint de na Córais Bainistíochta Caidreamh Custaiméirí a oibriú
- Na roghanna faireachais a fhiosrú go leanúnach d'fhonn tarluithe caitheamh bruscair agus salú ag madraí a laghdú
- Leanúint de Bheolíne na Maor Bruscair ar 4149220 agus de bheolíne frithdhumpála na Gníomhaireachta um Chosaint Chomhshaoil 1850 365 123 a sholáthar agus a chur chun cinn
- An teicneolaíocht a úsáid mar uirlis chun dul i ngleic le caitheamh bruscair agus dumpáil mhídhleathach
- Fócas spriocdhírithe a sholáthar chun an pobal a chur ar an eolas faoin damáiste a dhéantar don chomhshaol le toitíní atá caite i leataobh, ar thart ar leath den bhruscar uile iad, agus pionóis a ghearradh mar is cuí





# An Réimse Poiblí

Cúlra

Bunaíodh an Rannóg Réimse Phoiblí in 2013 tar éis chomhnascadh Rannóga na bPáirceanna, na Reiligí, na nOibríochtaí agus na Glantóireachta. Áirítear ar na hoibreacha a dhéantar sa Rannóg Réimse Phoiblí gach ceann de na tascanna ar leith a bhí á ndéanamh sna 4 rannóga thuasluaite, mar shampla, seirbhísiú boscaí bruscair, gearradh féir, cothabháil páirceanna, dumpáil mhídhleathach a bhaint, glantachán sna sráidbhailte, agus cothabháil faichí srl.

Chomh maith leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí shaothar díreach, tá conradh ag an gComhairle i gcomhair scuabadh bóithre agus seirbhísí gaolmhara le Oxigen Environmental Ltd. Faoin gconradh seo, cuirtear seirbhís scuabtha bóithre agus pioctha bruscair ar fáil ar na débhealaí, ar na príomhbhóithre, sna heastáit tithíochta agus sna heastáit tionsclaíochta ar mhinicíocht réamhshocraithe. Áirítear ar na seirbhísí gaolmhara atá á soláthar faoin gconradh seo srianadh fiailí (ó Aibreán go Meán Fómhair, an dá mhí san áireamh), glanadh silteán agus baint duilleog le linn mhíonna an gheimhridh.



## Straitéis

Cur chuige comhtháite a chur i gcrích i leith cothabháil agus feabhas d'ardchaighdeán a bhaint amach sa réimse poiblí.

## Cuspóirí:

- Tabhairt faoi chláir ghlantacháin (baile/sráidbhaile) lena n-áirítear na boscaí bruscair a scrúdú agus a sheirbhísiú go laethúil mar is cuí
- Piocadh bruscar mar aon le gearradh féir a sholáthar
- A chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha curtha ar fáil do na seirbhísí glantacháin go léir
- Monatóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go soláthraítear seirbhísí glantacháin atá ar chaighdeán sásúil i gcónaí
- A chinntiú go bhfreagraítear go pras chun graifítí a bhaint de réadmhaoin phoiblí
- A chinntiú go ndéantar na ceantair a gcaitear bruscar agus a ndéantar dumpáil go leanúnach iontu a ghlanadh ar bhonn seachtainiúil ar a laghad
- Leanúint de stoc na mboscaí bruscair timpeall an Chontae a mhéadú de réir mar a mheastar a bheith riachtanach
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do mheitheal ghlantacháin na mBailte Slachtmhara agus grúpaí áitritheoirí trí scéim na gcreidmheasanna sóisialta
- A chinntiú go ndéantar na hlonaid 'Fág Anseo' a sheirbhísiú agus a chothabháil ar ardchaighdeán
- Iarracht a dhéanamh chun freagairt ar thuairiscí faoi dhumpáil mhídhleathach taobh istigh de thréimhse 24 go 48 uair an chloig

Minicíocht faoi láthair mar a leanas:

- Eastáit Tithíochta @ ceithre huaire sa bhliain (13 seachtaine), cuid acu gach 6 seachtaine
- Na príomhbhóithre @ dhá uair déag sa bhliain (4 seachtaine), cuid acu gach 2 sheachtain
- Eastáit Tionsclaíochta @ dhá uair sa bhliain (26 seachtaine)
- Débhealaí @ go ráithiúil (13 seachtaine)





# Cumarsáid, Feasacht agus Oideachas

## Cúlra

Is codanna iad an chumarsáid, an t-oideachas agus an fheasacht trína bhféadfaidh cónaitheoirí an chontae éirí níos eolaí faoin tionchar atá ag caitheamh bruscair, dumpáil, agus gníomhaíocht neamhairdeallach ar an timpeallacht ina mairimid. Caithfidh cónaitheoirí a thuiscint chomh maith gur gá tús áite a thabhairt do chosc ar bhruscar/ar dhramhaíl mar an gníomh is tábhachtaí ar ordlathas na dramhaíola.




### Straitéis

An Teachtaireacht maidir le frith-bhruscar agus cosc ar bhruscar a chur chun cinn i gContae Átha Cliath Theas.

### Cuspóirí

- Feachtais spriocdhírithe maidir le frith-bhruscar agus cosc ar bhruscar a chur chun cinn, lena n-áirítear graifítí, Salachar Madraí, toitíní caite i leataobh agus bruscar go ginearálta
- Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht ghníomhach i gcláir Áitiúla, Náisiúnta agus Réigiúnacha um chosc ar bhruscar agus um feasacht
- Plé agus tacú le tionscnaimh do dhaoine óga a chuireann cosc ar bhruscar chun cinn agus iad a sholáthar, lena n-áirítear Clár na Scoileanna Glasa a chur i gcrích
- Tacú le grúpaí pobail maidir le cosc ar bhruscar, feasacht faoi bhruscar agus glantacháin phobail
- Feasacht a mhúscailt i measc áitritheoirí agus gnólachtaí agus tacú leo maidir leis an teachtaireacht faoi bhruscar a chosc, agus maidir lena gcuid freagrachtaí agus oibleagáidí
- Úsáid a bhaint as na meáin shóisialta, as ár láithreán gréasáin, agus as gach meán poiblíochta atá ar fáil agus tuairisc a thabhairt ar na cláir um chosc ar bhruscar agus ar na feachtais chun rannpháirtíocht lenár saoránaigh a spreagadh
- Tacaíocht a thabhairt do Naisc phobail nua agus Naisc phobail atá ann cheana lena spreagtar rannpháirtíocht an phobail leis an gcontae a choimeád glan





# Pleananna Gníomhaíochta Bliantúla

Ní mór dúinn tuairisciú ar oibriú an phlean seo, ag léiriú na mbeart atá á dtógáil/atá tógtha againn maidir le cosc agus srianadh bruscair.

Forbróidh CUAA Plean Gníomhaíochta cuimsitheach do gach bliain den phlean trína ndéanfar monatóireacht agus measúnú agus déanfar é a thuairisciú go bliantúil don Chomhairle de réir Alt 10(3) de na hAchtanna um Thruailliú Bruscair.

Cuimseofar sna pleananna gníomhaíochta bliantúla, gan a bheith teoranta dóibh, na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Aguisín I.

Cuimseofar sa tuairisc don Chomhairle measúnú ar:

- Na bearta coisc agus rialaithe uile ar tugadh fúthu
- Fairsinge an ghnímh forfheidhmithe a glacadh
- Fairsinge chur chun cinn na mbeart feasachta poiblí, oideachais, agus faisnéise
- An leibhéal comhoibrithe agus cúnaimh a chuir an Chomhairle ar fáil d'fhonn an bruscar a chosc agus a shrianadh

Tabharfar aird sna Pleananna Gníomhaíochta Bliantúla ar:

- An méid atá foghlamtha ón mbliain roimhe sin
- Plean CIMIT (Critéir Íosta atá Molta maidir le hImscrúduithe Timpeallachta)
- CNMTB (Córas Náisiúnta um Monatóireacht ar Thruailliú ó Bhruscar)
- Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide
- Ráiteas Misin agus Cuspóirí an Phlean Chorparáidigh
- Pleanáil agus forbairt chuí an chontae agus forálacha Phlean Forbartha an Chontae



# Aguisín I:

## Forfheidhmiú Bruscair

- Leanúint de na Córais Bainistíochta Caidreamh Custaiméirí a oibriú (Ionadaíochtaí na mBall, Córas Teagmhála do Chustaiméirí, Córas um Ghearáin Chomhshaoil) chun gearáin/tuairiscí a rianú ón gcéad teagmháil go dtí an réiteach
- Seirbhís maoir ardphróifíle spriocdhírithe a choimeád le patróil choise agus tiomána mar is cuí sna bailte, sna sráidbhailte, i reiligí, agus i ngarraí scoir
- Fógraí Pionóis Sheasta a eisiúint maidir le sáruithe ar reachtaíocht, ar rialacháin agus ar fhodhlíthe comhshaoil, lena n-áirítear as bruscar a chaitheamh, as dumpáil mhídhleathach, as salú ag madraí, as toitíní caite i leataobh agus as comharthaíocht neamhúdaraithe, nuair atá fianaise shásúil ar fáil
- Imeachtaí dlí a thionscnamh mar gheall ar neamhíoc Fógraí Pionóis Sheasta, mar is cuí
- Ionchúisimh dhíreacha a thionscnamh, mar is cuí
- Úsáid a bhaint as ceamaraí follasacha agus ceilte TCI agus as teicneolaíochtaí eile, lena n-áirítear dróin agus fearais fuaime chun monatóireacht a dhéanamh ar cheantair ina mbíonn baol dumpála mídhleathaí agus tacú le gníomhaíocht forfheidhmithe
- An tionscnamh PURE a chur chun cinn agus tacú leis

## Forfheidhmiú Dramhaíola

- Na Fodhlíthe um Dramhaíola Tí agus Tráchtála 2018 a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear stóráil, bainistiú agus diúscairt dramhaíola, suirbhéanna teaghlaigh
- Reachtaíocht um Fhreagracht Tairgeora a Fhorfheidhmiú (Boinn, Pacáistíocht, DTLL, Cadhnraí)
- Dul i ngleic le bailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe, m.sh., Fear i veain, mangairí draimh
- Imscrúduithe spriocdhírithe ar láithreáin dramhaíola neamhúdaraithe
- Imeachtaí dlí a thionscnamh in aghaidh cionta faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú
- Scéimeanna Tionscnaimh Frith-Dhumpála a bhainistiú agus a chur chun cinn

## An Réimse Poiblí

- Clár ghlantachán na sráidbhailte a oibriú, lena n-áirítear seirbhísí deireadh seachtaine agus saoire bainc
- Leanúint den chonradh um scuabadh bóithre a sholáthar agus é a leathnú go ceantair nua-fhorbartha de réir mar is gá
- Glantacháin bheartaithe agus sceidealaithe i gceantair ard-bhruscair aitheanta sa chontae
- Ionaid ‘Fág Anseo’ a sheirbhísiú agus a chothabháil lena chinntiú go bhfuil siad saor ó bhruscar
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar sholáthar boscaí bruscair sa Réimse Poiblí ag féachaint don Phrótacal um Shocrú Boscaí Bruscair
- Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar boscaí bruscair sna sráidbhailte agus an bosca bruscair cuí a bheidh le húsáid iontu a shainaithint
- Comhoibriú a dhéanamh le Clubanna Spóirt lena chinntiú go bhfuil bearta chun bruscar a shrianadh iontu de réir na cáipéise Leithdháileadh Áiseanna Imeartha / Spóirt – Beartas agus Coinníollacha

# Aguisín I: Ar Leanúint

- Úsáid a bhaint as córais inmheánacha chun baint graifítí ó réadmhaoin phoiblí a rianú agus a bhainistiú
- Clár spriocdhírithe chun ábhar tinte cnámh a bhaint as áiteanna poiblí roimh Oíche Shamhna
- Léarscáiliú a dhéanamh ar thinte cnámha Oíche Shamhna chun treochtaí a shainaithint agus chun idirghabhálacha beartaithe a threorú
- Ábhar thinte cnámha Oíche Shamhna a ghlanadh suas agus a bhaint ar bhealach tráthúil
- An Clár um Chothabháil Lánaí a oibriú i láithreacha sainaitheanta ar fud an chontae agus leanúint de bheith ag lorg réitigh ar an bhfadhb

## Cumarsáid agus Feasacht

- Sceideal feasachta/bolscaireachta Frith-Bhruscair agus Frith-Ghraifítí a chur chun cinn sna meáin (salú ag madraí, frith-bhruscar, dumpáil mhídhleathach, toitíní caite i leataobh, feachtais fógraíochta frith-ghraifítí ar an raidió agus i bpictiúrlanna)
- An tionscadal Canbhasáil Átha Cliath Theas a sholáthar chun dul i ngleic le graifítí ar bhoscaí soilse tráchta
- An Deontas Feasachta Frith-Bhruscair agus Frith-Ghraifítí a riar
- Comórtas póstaer agus manaí comhshaoil scoile a chur chun cinn
- Úinéireacht madraí fhreagrach a chur chun cinn
- Tascfhórsa Náisiúnta um Bruscar Guma a chur chun cinn
- Glantachán Náisiúnta Earraigh a chur cinn agus tacú leis
- Tionscnamh na mBailte Slachtmhara a chur chun cinn agus tacú leis
- Scéim na gCreidmheasanna Sóisialta a chur chun cinn agus tacú léi
- Tacú le Clár na Scoileanna Glasa agus é a riar
- Feachtais Shéasúracha a chur chun cinn



# **Aguisín II:** Conas Tinte Cnámh a Bhainistiú

Tionscnaíodh an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987, chun dul i ngleic le truailliú aeir in Éirinn, go háirithe i gceantair uirbeacha trí Orduithe Ceantair Speisialta Rialaithe. Tá toirmeasc ar réimse ábhar a dhó i gceantair uirbeacha atá clúdaithe ag na Ceantair Speisialta Rialaithe agus bheadh ábhar/dramhaíl a úsáidtear go hiondúil i dtinte cnámh Oíche Shamhna ina measc.

Is é príomhchuspóir Alt 32 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú, ná truailliú comhshaoil agus cruthú astaíochtaí núise a chosc.

Deirtear i bhFodhlíthe na Comhairle um Páirceanna agus Spásanna Oscailte 2011, in Alt 5.2. Meas a léiriú ar úsáideoirí eile na bPáirceanna: Ní dhéanfaidh aon duine tine chnámh, tine, beárbaiciú, ná ní bheidh tine ealaíne ina sheilbh ná ní lasfaidh sé é ach le cead roimh ré ón gComhairle agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha an cheada sin.

Leanfar de na bearta seo a leanas a bheith mar chuid de fhreagra na Comhairle maidir le hOíche Shamhna thar thréimhse an phlean seo:

- Bearta feasachta le béim a chur ar na contúirtí a bhaineann le tinte cnámh agus an dochar a dhéantar don timpeallacht
- Gníomhaíocht ó Rannóg na Comhairle um Fhorfheidhmiú agus Ceadúnú Comhshaoil chun déileáil le háitribh tráchtála agus a ndualgais maidir lena ndramhaíl a stóráil i gceart, lena n-áirítear aershuirbhéireacht de réir mar is gá
- Tosófar ar fhreagra an Réimse Phoiblí chun cairn ábhar tinte cnámh a bhaint a luaithe agus is gá i mí Mheán Fómhair gach bliain
- Idirghabháil leis an nGarda Síochána faoi na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh acu agus ag an gComhairle maidir leis an gceist seo
- Idirghabháil le grúpaí áitritheoirí áitiúla ar féidir leo cabhrú le láithreacha na gcarn ábhar a shainaithint
- Leanfar leis an bhfeachtas Bleibíní seachas Tinte Cnámh chun áitritheoirí a spreagadh gan cead a thabhairt do thinte cnámh ina gceantair féin
- Leanfar le scéim na gcreidmheasanna sóisialta chun cabhrú le grúpaí atá cláraithe ar an scéim ábhair a dhiúscairt in ionad fóntas sibhialta na Comhairle i mBaile an Mhóta, agus cabhróidh sé seo leis an méid comhábhar atá á chur ar fáil le haghaidh tinte cnámh a laghdú



# **Aguisín II:** Conas Tinte Cnámh a Bhainistiú

Is é freagra tosaigh na Comhairle chun dul i ngleic le carnadh ábhair a bheadh le húsáid i dtinte cnámh in áiteanna poiblí roimh Oíche Shamhna, ná na ábhair atá curtha in áiteanna poiblí le haghaidh tine chnámh a thógáil a bhaint agus ina dhiaidh sin an dramhaíl a ghintear ó thinte cnámh a bhaint.

D'éirigh leis an gComhairle le blianta beaga anuas líon na dtinte cnámh mídhleathacha sa chontae a laghdú trí mheascán d'fheasacht phoiblí, de scéimeanna luaíochta, de ghníomhaíochtaí pobail eile, d'fhorfheidhmiú, agus de ghlantacháin spriocdhírithe.

Ó rud é go dtarlaíonn formhór na dtinte cnámh i bpáirceanna, i spásanna oscailte agus in áiteanna poiblí eile, tá sé chúram ag an gComhairle ábhair na dtinte cnámh a bhaint roimh, i rith agus tar éis Oíche Shamhna. Baineann ardriosca leis an ngníomhaíocht seo agus tá Measúnuithe Riosca cuí ann mar chuid de Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle.

Nuair a thuairiscítear don Chomhairle faoi ábhair tinte cnámh in áit phoiblí, tabharfar tosaíocht dá mbaint ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- Faoi línte cumhachta
- I gcoinne nó díreach in aice le tithíocht nó le réadmhaoin eile
- Ar phríomhbhóithre ar dócha go mbeidh iompar poiblí faoi bhagairt acu
- Láithreacha atá sainaitheanta ag an nGarda Síochána ar dócha dóibh a bheith ina mbagairt mhór ar shábháilteacht phoiblí

Déanfar Sláinte agus Sábháilteacht lucht foirne na Comhairle atá páirteach a mheas agus bainfear an t-ábhar le linn gnáthuaireanta oibre. Déanfar na láithreacha a sheiceáil agus cuirfear in ord tosaíochta iad leis an ábhar a bhaint i gcomhréir leis an méid thuas. Déanfaidh an fhoireann maoirseachta measúnú riosca ar an láthair, agus iarrfar tacaíocht na nGardaí mar is cuí.

Agus an tseirbhís seo á bainistiú, tá an Chomhairle aireach maidir le damáiste do réadmhaoin agus do sheirbhísí riachtanacha a íoslaghdú agus déanfar na hacmhainní atá ar fáil a chur in ord tosaíochta leis an úsáid is fearr a chinntiú. Ní féidir na hábhair tinte cnámh go léir a bhaint as gach láthair a thuairiscítear Oíche Shamhna.

Ní bhainfidh an Chomhairle ábhair tinte cnámh ó:

- Réadmhaoin phríobháideach
- Forbraíochtaí geataithe
- Lánaí geataithe in eastáit tithíochta



# Aguisín III: Teicneolaíochtaí TCI agus Comhshaoil

Síníodh an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022 ina dhlí (an tAcht um Gheilleagar Ciorclach) ar an 21 Iúil 2022.

Foráiltear leis an Acht um Gheilleagar Ciorclach leasuithe ar na hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 (Acht 1996) [Cuid 3 den Acht] agus
- An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 (Acht 1997) [Cuid 4 den Acht]

Áirítear ar na leasuithe a mholtar ar Acht 1996 agus Acht 1997 forálacha do cheadú scéimeanna TCI ag údaráis áitiúla, faoi réir coinníollacha, chun truailliú comhshaoil a chosc agus chun cionta a dhíspreagadh, a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh faoi Acht 1996 agus Acht 1997.

Áirítear riachtanas san Acht go n-ullmhóidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil dréachtchóid chleachtais arb é is cuspóir dóibh caighdeáin a shocrú maidir le hoibriú scéimeanna TCI ag údaráis áitiúla agus go cuirfidh sí faoi bhráid an Aire lena bhformheas iad. Foráiltear san Acht freisin nach mór na cóid chleachtais a bheith i bhfeidhm roimh thús a chur le Cuid 3 agus Cuid 4 den Acht agus roimh aon scéim TCI a mholadh lena formheas.

Tá na Cóid Chleachtais á ndréachtú faoi láthair.

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta do leas a bhaint as TCI agus as Gairis Taifeadta Shoghluaiste (GTS) ina hiarrachtaí chun cionta bruscair agus dumpála mídhleathaí a dhíspreagadh, a bhrath agus a ionchúiseamh i gcomhréir leis na Cóid Chleachtais ach iad a bheith formheasta ag an Aire.



# Aguisín IV: Glantachán

Fostaíonn an Chomhairle foirne iltascála i bpiocadh bruscair, i nglantachán, agus i mbaint ábhair atá dumpáilte go mídhleathach. Déantar glanadh sráide/bóthair, piocadh bruscair agus seirbhísiú boscaí bruscair ar bhonn sceidealaithe agus bailítear timpeall 17,000 tona de bhruscar, de dhumpáil mhídhleathach, d'fhuíoll boscaí bruscair agus de dhramhaíl a scuabtar ó na sráideanna le diúscairt gach bliain (tá an figiúr seo bunaithe ar an meánfhigiúr ón dtréimhse 3 bliana ó 2020 go 2022).

**Scuabadh Bóithre:**
Tá conradh i gcomhair scuabadh bóithre agus seirbhísí gaolmhara ag an gComhairle le soláthróir seachtrach. Cuirtear seirbhís scuabtha bóithre agus pioctha bruscair ar fáil ar na bóithre, sna heastáit tithíochta agus sna heastáit tionsclaíochta uile ar mhinicíocht réamhshocraithe. Áirítear ar na seirbhísí gaolmhara atá á soláthar faoin gconradh seo srianadh fiailí, glanadh silteán agus baint duilleog.

**Ionaid 'Fág Anseo':**
Tá 71 ionad athchúrsála/ 'fág anseo' sa chontae. Glactar le teicstílí, gloine agus cannaí iontu.


Tá trí sholáthróir seirbhíse ag plé leis an gComhairle maidir le háiseanna athchúrsála teicstíle a chur ar fáil. Tá conradh ann le haghaidh seirbhísiú (folmhú) na n-ionad cúrsála gloine/cannaí; is conradh réigiúnach é seo i gcomhpháirt leis na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath.

Athraítear seirbhísiú (folmhú) na mbanc athchúrsála gloine/cannaí de réir an leibhéil riachtanais. Folmhaítear formhór na saoráidí is mó úsáid gach 2-4 lá, agus roinnt eile ar bhonn nach bhfuil chomh rialta céanna, ag brath ar an úsáid. Tá an t-oibritheoir freagrach as slacht a choinneáil ar an limistéar mórthimpeall ar na saoráidí. Bailítear an bruscar/ gloine bhriste go léir sa limistéar mórthimpeall (suas le 5m ón mbanc buidéal).

Le fianaise a thabhairt den ghlantachán, tógann an t-oibritheoir pictiúr roimh gach ócáid ghlantacháin agus tar a héis. Cuirtear an fhaisnéis seo ar fáil don Chomhairle trí uirlis tuairiscithe ar líne

Más pacáistíocht ghloine í an bruscar a fhágtar ag an mbanc buidéal, cuirtear sa bhanc buidéal í agus nuair a ardaíonn an conraitheoir na coimeádáin, cuirtear ar ais ar thalamh glan iad – le cinntiú nach bhfuil aon bhruscar ná boscaí cairtchláir sáite thíos faoin ionad 'fág anseo'.

Mura bhfuil baint ag an mbruscar leis an mbanc buidéal cuireann an conraitheoir an Chomhairle ar an eolas, má bhíonn cuid mhór úsáide míchuí nó dumpála ar siúl ag na saoráidí seo, soláthraíonn an Chomhairle seirbhís glantóireachta ag na láithreacha seo de réir mar a mheastar a bheith riachtanach.



# Aguisín IV: Glantachán - ar leanúint

**Boscaí Bruscair:**
Tá timpeall 800 bosca bruscair ar fud an chontae faoi láthair i láithreacha sráide agus i bpáirceanna poiblí. Déantar na boscaí bruscair seo go léir a imscrúdú go laethúil agus folmhaítear iad mar is cuí.




**Glantacháin Phobail:**
Déantar Glantacháin Phobail a bhainistiú trí Scéim na gCreidmheasanna Sóisialta lenar féidir le grúpaí pobail agus le scoileanna iarratas a dhéanamh ar chúnamh i leith glantacháin phobail.

Ní mór d'iarrthóirí ar chúnamh na sonraí seo a leanas a thabhairt don Chomhairle:

- **Dáta agus láthair an ghlantacháin**
- **Sonraí teagmhála an eagraí**
- **An láthair ina mbeidh ábhair dramhaíola á stóráil lena mbaint**

Is í an Chomhairle a bhailíonn dramhaíl arna bailiú trí ghlantacháin phobail ón láthair a aontaíodh leis an ngrúpa roimh an nglantachán.



# **Aguisín V:** Bainistiú ar Shalú ag Madraí

Pléitear le salú ag madraí faoi Alt 22 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, arna leasú. Faoin Acht seo, beidh an duine atá i gceannas ar mhadra faoi réir fíneála nó ionchúisimh mura mbaineann sé láithreach aon fhaecas a dhéanann a mhadra in áiteanna áirithe, agus/nó má theipeann ar an duine sin a chinntiú go ndéantar diúscairt mar is ceart ar bhruscar a mhadra ar bhealach oiriúnach sláintíoch.

Is í an deacracht a bhaineann le forfheidhmiú an ailt seo den Acht ná go bhfuil fianaise ó fhinné ag teastáil, chun a thuairisciú gur tharla an cion agus gurb é an duine arna shainaithint an té atá i gceannas ar an madra. Leanann an Chomhairle de bheith ag spreagadh grúpaí áitritheoirí agus/nó daoine aonair le cúnamh a thabhairt do Sheirbhís na Maor ina leith seo.

Cé gur mór an líon úinéirí a ghlacann freagracht as a madraí agus as glanadh suas ina ndiaidh, is amhlaidh atá mionlach suntasach ann nach nglanann suas i ndiaidh a madraí agus a leanfaidh mar sin.

Leanann an Chomhairle de bheith ag tarraingt aird ar an gceist a bhaineann le Salú ag madraí agus bhí roinnt feachtas ar an raidió, i nuachtáin agus ar na meáin shóisialta ar bun aici ina leith seo. D'fhonn úinéireacht fhreagrach madraí a chur chun cinn agus lena chinntiú go mbeidh timpeallacht níos glaine ann do chách, seoladh Feachtas Feasachta nua maidir le Salú ag Madraí dar teideal "Help Scally be a Good Boy!" [Maith an Buachaill, Scally!] in 2022. Tá an madra gleoite "Scally" le feiceáil san fheachtas i sraith físeán ina leagtar béim ar na hiarmhairtí mura nglantar suas an salachar. Cibé acu i ndorchadas na hoíche, i ngort nó ar an trá, meabhraigh go "bhféadfadh salachar do mhadra críochnú suas áit ar bith! Pioc suas i gcónaí é!"

Má chuirtear i mála i gceart é, is féidir salachar madraí a dhiúscairt i ngnáthbhosca bruscair. Soláthraíonn an Chomhairle boscaí bruscair den ghnáthchineál ina príomhpháirceanna agus i gclóis madraí a chuirtear ar fáil sna páirceanna sin. Tá timpeall 130 bosca bruscair san iomlán ar fáil ag láithreacha páirceanna sa Chontae, agus tá méadú tagtha ar an líon sin le blianta beaga anuas agus leanfaidh sé de bheith ag ardú de réir mar a bheidh gá ann. Tá 650 bosca bruscair eile curtha ar fáil ar shráideanna agus i sráidbhailte agus in ionaid uirbeacha. Faoi láthair, tá greamáin maidir le salú ag madraí á gcur ar bhonn píolótach ar bhoscaí bruscair atá ann cheana a léiríonn go bhfuil na coimeádáin sin oiriúnach le haghaidh diúscairt salachair dá leithéid.

Tá fáil ann i gcónaí ar Chomharthaíocht um Shalú ag Madraí agus déantar iarratais ar chomharthaíocht a mheas ar bhonn cás ar chás agus cuirtear suas comharthaíocht nuair a léirítear an gá. Déantar láthair an iarratais a scrúdú i dtaca lena hoiriúnacht agus má mheastar go bhfuil sé oiriúnach, is féidir comharthaíocht a chur suas inti. Má tá grúpa(í) cláraithe i gceantar, is féidir comharthaíocht a sholáthar go díreach chuig an ngrúpa sin trí Scéim na gCreidmheasanna Sóisialta agus an fhainic léi nach mór aird chuí a thabhairt ar shláinte agus ar shábháilteacht phoiblí leis an gcomharthaíocht sin, agus nach bhféadfar cur isteach ar infheictheacht léi ná ar shruth tráchta, rothaíochta agus coisithe.



# **Aguisín VI:** Freagairt maidir le Graifítí

Chun cabhrú chun dul i ngleic le Graifítí, cuirtear an Deontas Feasachta maidir le Frith-Bhruscar agus Frith-Ghraifítí ar fáil do ghrúpaí pobail agus do scoileanna tríd an Rannóg maidir le Feasacht Chomhshaoil. Ina theannta sin, leanfar leis an tionscadal Canbhasáil Átha Cliath Theas.

Is cion coiriúil é réadmhaoin a lot, agus tá sé de riachtanas de réir Alt 20 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 go réiteodh úinéirí réadmhaoine aon lot.




Is é cuspóir an phrótacail seo ná bunphrionsabail na Comhairle maidir le graifítí a bhainistiú a leagan amach go soiléir, agus leanúnachas maidir leis an gcur chuige i leith graifítí a bhaint a sholáthar ar fud an chontae:

- Má tá an graifítí ar réadmhaoin phoiblí, déanfaidh an Chomhairle socruithe lena bhaint. Ag brath ar an gcineál dromchla atá ann, bainfear úsáid as ceimiceáin nó as péint
- Má tá an graifítí ar bhoscaí fóntais de chuid cuideachtaí fóntais, déanfar teagmháil leis an gcuideachta atá i gceist agus iarrfar uirthi an graifítí a bhaint. Tá Meabhrán Tuisceana foirmeálta i bhfeidhm i láthair na huaire le ceithre sholáthróir fóntais. Beidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh orthu siúd mar chuid den phrótacal seo
- Tá sé de fhreagracht ar gach úinéir réadmhaoine graifítí a bhaint dá áitribh. Nuair a bhíonn graifítí ar réadmhaoin phríobháideach, iarrfaidh an Chomhairle ar úinéir na réadmhaoine an graifítí a bhaint ar an gcéad dul síos. Ag brath ar an láthair, agus má tá aghaidh na réadmhaoine ar áit phoiblí straitéiseach, féachfaidh an Chomhairle chuige go ndéanfar an lot a bhaint. Éileoidh an Chomhairle slánaíocht ó úinéir na réadmhaoine nó ó ghníomhaire de chuid úinéir na réadmhaoine le dul isteach ar an réadmhaoin d'fhonn an lot a bhaint. Síneoidh úinéir na réadmhaoine nó gníomhaire de chuid úinéir na réadmhaoine slánaíocht agus beidh táille i gceist i ngach uile chás. Ní dhéanfar aon obair ar réadmhaoin phríobháideach gan an tslánaíocht sin agus ní dhéanfar aon obair ar gá íoc aisti go dtí go mbeidh na táillí sin aontaithe idir an dá pháirtí

In imthosca teoranta, d'fhéadfadh sé nach mbeifear in ann an graifítí a bhaint mar gheall ar dheacrachtaí a bhaineann le rochtain a fháil ar láithreacha.

# **Aguisín VI:** Ar Leanúint

**South Dublin County Council Graffiti Indemnity form for Private Property**

**This form contains important provisions about our liability to you. Please read it before signing.**

I,______________________________ [insert name] being the freehold owner/freehold owner's agent/tenant/tenant's agent/other (please specify)________________ of the premises known as ____________________________ (the "Premises") give South Dublin County Council or any contractors appointed by them, permission to enter the Premises to remove and/or paint over fly-posting and/or graffiti from the external walls, windows and fronts of the premises.

I understand that this work will be carried out for which there may be a charge incurred to me, as part of South Dublin County Council's initiative for the prevention and removal of graffiti.

I understand also that no chargeable work will be carried out until I have agreed the charge. I also authorise South Dublin County Council and any contractors appointed by them to erect signs warning of prosecution if acts of graffiti or fly posting persist.

I acknowledge that South Dublin County Council, nor any of their contractors, have carried out or arranged to be carried out any inspections, building surveys, assessments or tests regarding the suitability of the Premises for the removal processes used, including (but without limitation) the use of power washers and high pressure hoses.

If the Premises (and/or related property and/or other premises) are damaged as a result of in connection with the above removal then South Dublin County Council, nor their contractors, shall not be liable to any party in any circumstances for any damage whatsoever and however caused (including without limitation in tort, contract and by negligence). South Dublin County Council, and any contractors appointed by them, do not attempt to limit or exclude liability for death or personal injury arising from negligence. I hereby indemnify South Dublin County Council and their contractors from and against any claims, costs, liability and/or proceedings in respect of any damage caused from the removal of such graffiti / fly posting as set out above.

If I am not the property owner, I confirm that I have the freehold owner's permission and full authority to provide this consent and sign this disclaimer on behalf of the freehold owner.

Signed: ______________________________ Date: _____________

Address: ______________________________________________________________________

Tel: _______________________________ Email: ________________________________

Please return this form to: South Dublin County Council

Alternatively Email To: **info@sdublincoco.ie**

# Aguisín VII: Conas Boscaí Bruscair a Bhainistiú

Tá an Rannóg Réimse Phoiblí freagrach as bruscar a shrianadh i ngach spás poiblí laistigh de cheantar riaracháin na Comhairle. Mar chuid den tseirbhís seo, soláthraíonn an Rannóg Réimse Phoiblí agus déanann sí cothabháil ar líonra de thart ar 800 bosca bruscair ar na sráideanna agus i bpáirceanna poiblí, i spásanna oscailte, agus i gceantair tithíochta ar fud an chontae.

Is é is cuspóir don bhainistiú ar bhoscaí bruscair ná dul i ngleic leis na saincheisteanna seo a leanas agus é de chuspóir foriomlán aige glaineacht an chontae a fheabhsú:

- A chinntiú go bhfuil dearadh tarraingteach agus téagartha ag na boscaí bruscair, go bhfuil siad oiriúnach dá gcuspóir agus suiteáilte sna láithreacha cearta.
- Critéir shoiléire lenar féidir iarratais ar bhoscaí bruscair a mheas

Is í an Stiúrthóireacht um Chomhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide an phríomhstiúrthóireacht a sholáthraíonn agus a dhéanann seirbhísiú ar bhoscaí bruscair sa chontae. Tá na boscaí bruscair seo á mbainistiú ag an Rannóg Réimse Phoiblí. D'fhonn an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus lena chinntiú go soláthrófar boscaí bruscair ar an bhealach is éifeachtaí ó thaobh costais de, agus ag cinntiú san am céanna go dtabharfar an tseirbhís is mó is féidir leo, tá sé tábhachtach na prionsabail a leagan síos maidir leis na háiteanna a soláthrófar/nach soláthrófar boscaí bruscair.

Níl sé inmhianaithe ná éifeachtach boscaí bruscair a sholáthar go díreach ar bhonn éilimh amháin. Is é is aidhm don phrótacal seo na bunphrionsabail a leagan síos maidir le boscaí bruscair a shuiteáil d'fhonn leanúnachas agus clúdach cuí a sholáthar i ngach cuid den chontae. Ba chóir go soláthrófaí leis seo tuiscint níos fearr ar sholáthar boscaí bruscair agus go mbeadh sé ina threoir i leith iarratais ar bhoscaí bruscair nua.

Is iad na láithreacha ar chóir dóibh tosaíocht a fháil i dtaobh suiteáil boscaí bruscair ná:

- Lár bailte agus sráidbhailte
- In aice le siopaí amhail siopaí nuachtán, miondíoltóirí bia, ollmhargaí
- I gceantair ina mbailíonn daoine le chéile, m.sh. stadanna bus, stadanna tram, oifigí poist, foirgnimh seirbhíse poiblí/oifigí
- Na príomhbhealaí chuig scoileanna
- Páirceanna móra inar mó an t-achar ná 16 heicteár, m.sh. in aice le clóis súgartha agus clóis madraí

Cuirfear cumas na láithreacha chun rochtain shábháilte a sholáthar d'fheithiclí cothabhála (lódairí taoibh) san áireamh i ngach cás.

Is iad láithreacha nach meastar a bheith oiriúnach le haghaidh boscaí bruscair mar gur gnách leo dumpáil agus loitiméireacht a tharraingt iontu ná:

- Ceantair chónaithe gan úsáid mheasctha, go háirithe forbraíochtaí de chineál cul-de-sac, mar go dtarraingítear dumpáil dramhaíola tí iontu timpeall na mboscaí bruscair
- Páirceanna inar lú an t-achar ná 16 heicteár má tá siad lonnaithe i gceantair chónaithe, mura bhfuil éileamh soiléir ann nach féidir freastal air trí bhoscaí bruscair a shuiteáil ar an tsráid

Agus an tseirbhís seo á bainistiú, tá an Chomhairle aireach ar na costais uile agus iarratais ar bhoscaí bruscair nua á meas aici. Áirítear leis sin ní hamháin an costas tosaigh agus costas na suiteála ach ní mór féachaint chomh maith ar na costais chothabhála agus seirbhísithe leanúnacha a bhaineann le gach bosca bruscair nua.

Nuair a fhaightear iarratas ar bhosca bruscair nua/ionaid, déanfar gach láthair a mheas ag féachaint do na critéir a leagtar amach thuas, chomh maith leis an soláthar boscaí bruscair atá ann cheana in aice láimhe, is é sin laistigh de 400m.

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**

**Plean Bainistíochta Bruscair** 2023-2025